




Tugtar sonraí sna nótaí seo maidir le Monatóireacht agus Bainistiú Foirne sa chóras marcála ar líne atá ag CSS in 2023.

Tá físeán ina gclúdaítear go leor den ábhar atá sa leabhrán seo ar fáil freisin ar leathanach acmhainní na marcála ar líne atá ag CSS.

Mar Scrúdaitheoir Comhairleach (SC) tá rogha sa bhreis (Bainistiú Foirne) ar an Leathanach Baile agat a cheadaíonn duit do Scrúdaitheoirí a bhainistiú:

Téigh chuig **Bainistiú Foirne:**

- chun marcáil Scrúdaitheora a athbhreithniú, marcáil na scripte caighdeánaithe san áireamh
- chun scrúdaitheoirí a fhaomhadh / a chur ar fionraí
- chun plé le heisceachtaí (ní bhaineann seo ach le bónas na Gaeilge a choimeád siar)
- chun scripteanna a roghnú don mhonatóireacht.




Téigh chuig **Mo Mharcáil**:

- chun leithdháileadh na scripteanna agat féin (má tá ceann agat) a mharcáil / leasú
- chun amharc ar na scripteanna atá roghnaithe agat don mhonatóireacht nó chun iad a mharcáil / leasú.


Ciallaíonn an deilbhín seo go bhfuil do chabhair de dhíth ar scrúdaitheoir atá ag tuairisciú duitse chun leanúint ar aghaidh – is féidir go bhfuil an duine ar fionraí.

# Amharc ar Dhul Chun Cinn Scrúdaitheora sa Mharcáil Chleachtaidh agus sa Mharcáil Chaighdeánaithe

Sula dtosaítear ar an marcáil bheo, beidh ar na scrúdaitheoirí script chleachtaidh agus/nó script chaighdeánaithe a mharcáil. Cliceáil ar **Bainistiú Foirne** le hamharc ar an dul chun cinn acu.


Ar dtús, marcálann na Scrúdaitheoirí script Chleachtaidh (más cuí), agus ansin script Chaighdeánaithe. Scrúdaitheoirí a bhfuil **Caighdeánú** acu anseo, tá script Chleachtaidh marcáilte agus curtha isteach cheana acu.

Tosaíonn Scrúdaitheoirí mar **Níl Faofa**. Chomh luath is a bheidh scripteanna Cleachtaidh agus Caighdeánaithe marcáilte agus curtha isteach acu, athraítear iad go **Ag Feitheamh ar Fhaomhadh**




Cliceáil ar ainm Scrúdaitheoirí leis an marcáil acu ar an script chaighdeánaithe don chomhpháirt seo a athbhreithniú agus faomh iad don mharcáil bheo.

# An Script Chaighdeánaithe a athbhreithniú








Cliceáil anseo le marcáil an iarrthóra ar an script Chaighdeánaithe a fheiceáil


Cliceáil ar an liosta oibre cuí, le hamharc ar mharcáil Chleachtaidh nó ar mharcáil Chaighdeánaithe Scrúdaitheora.
Beidh **Caighdeánú** i gcló liath (agus ní bheidh sé ar fáil duit le cliceáil air) mura bhfuil marcáil na scripte Caighdeánaithe tosaithe ag an scrúdaitheoir.

Nuair a bheidh an script Chaighdeánaithe oscailte agat, cliceáil anseo leis na marcanna cinntitheacha a chasadh ar siúl nó a chasadh as agus tú ag athbhreithniú mharcáil an Scrúdaitheora.
Beidh na difríochtaí idir marcáil an Scrúdaitheora agus an mharcáil Chinntitheach aibhsithe.




Nuair a bheidh marcáil an Scrúdaitheora ar an script Chaighdeánaithe athbhreithnithe agat, cliceáil ar **Socraigh mar athbhreithnithe.**
Má tá tú ag faomhadh an scrúdaitheora, ní foláir **Inghlactha: tabhair aiseolas** a roghnú.

# Scrúdaitheoir a Fhaomhadh don Mharcáil Bheo




Anois agus an script athbhreithnithe agat, beidh tú in ann stádas an scrúdaitheora a athrú.

An sreabhadh oibre a mholtar anseo:

- Roghnaigh **Faomh athbhreithniú ar feitheamh**. Is féidir leis an Scrúdaitheoir scripteanna a íoslódáil agus a mharcáil anois ach ní féidir scripteanna a chur isteach.
- Déan teagmháil leis an Scrúdaitheoir le haiseolas a thabhairt ar an marcáil Chaighdeánaithe. **(Ní foláir duit é seo a dhéanamh.)**
- Nuair a bheidh tú sásta an Scrúdaitheoir a fhaomhadh don mharcáil bheo, cliceáil **Athraigh Stádas** agus roghnaigh **Faomh.** Is féidir leis an Scrúdaitheoir an mharcáil a chur isteach anois nuair a bheidh sí críochnaithe.

Féach ar leathanach 13 le tuilleadh eolais a fháil faoi stádas scrúdaitheora a athrú tar éis thús na marcála beo.

# Bainistiú Foirne le linn na Marcála Beo


Cliceáil ar scrúdaitheoir:

- le hamharc ar an marcáil
- le scripteanna a roghnú don mhonatóireacht
- lena stádas a athrú (e.g. iad a chur ar fionraí go sealadach).

Tugtar stádas reatha gach scrúdaitheora.
Faofa = ar fáil don mharcáil


Dul chun cinn carnach trína scripteanna leithdháilte.

Níl aon script as 10 gcinn curtha isteach ag an scrúdaitheoir seo.




Do Phríomh-Scrúdaitheoirí Comhairleacha (PSC) agus do Scrúdaitheoirí Comhairleacha Sinsearacha (SCS)

- Cliceáil ar ainm SC le hamharc ar an marcáil agus lena stádas a athrú.
- Cliceáil ar an triantán beag taobh le hainm an SC le hamharc ar na scrúdaitheoirí atá ag tuairisciú dóibh.




# Amharc ar scripteanna scrúdaitheora

**Oscailte lena marcáil**
Níl siad seo curtha isteach ag an Scrúdaitheoir go fóill agus ní féidir leat monatóireacht a dhéanamh orthu.

**Curtha isteach – eagarthóireacht indéanta**
Faoi láthair is féidir leis an Scrúdaitheoir marcáil na scripteanna seo a leasú.
Is féidir leat aon cheann acu seo a roghnú don mhonatóireacht.
Nuair a dhéanann tú sin, ní féidir leis an Scrúdaitheoir marcáil na scripteanna seo a leasú feasta.

**Curtha isteach – dúnta**
Ní féidir leis an Scrúdaitheoir athruithe a dhéanamh ar na scripteanna seo – de ghnáth is iad seo na cinn a ndearna tú monatóireacht orthu cheana.




Cliceáil ar ID Freagra scripte chun í a oscailt agus chun amharc ar an marcáil.
Is féidir amharc ar mharcáil roinnt scripteanna sula roghnaíonn tú cinn le haghaidh na monatóireachta.

# Script a roghnú le haghaidh na Monatóireachta


Le script a roghnú le haghaidh na monatóireachta, cliceáil anseo.

Roghnaigh **Marcáil níos déanaí.**

**Ná** roghnaigh Marcáil anois.


Leis an monatóireacht a dhéanamh, beidh ort dul ar ais go **Baile** agus ansin go dtí **Mo Mharcáil.**


Tabhair do d'aire go bhfuil dath dearg ar shiombailí anótála an Scrúdaitheora. San Athmharcáil Mhonatóireachta, beidh dath glas ar do chuidse siombailí anótála.



# Monatóireacht ar Script

Téigh chuig **Baile** agus cliceáil ar **Mo Mharcáil.**




Cliceáil ar **Athmharcáil Mhonatóireachta** le hamharc ar an liosta scripteanna atá roghnaithe don mhonatóireacht.


Cliceáil ar ID Freagra scripte le hamharc uirthi agus le monatóireacht a dhéanamh uirthi.

Nuair a bheidh monatóireacht déanta ar an script, cuir isteach í. Bogtar í ansin go dtí an táb **Curtha Isteach – eagarthóireacht indéanta** ar an liosta oibre seo.

Is féidir uimhir an Iarrthóra a úsáid i gcomhfhreagras leis an Scrúdaitheoir.


# Scripteanna, Marcáil agus Monatóireacht

Smaoinigh ar mharcáil an Scrúdaitheora (marcanna agus siombailí anótála) amhail is gur forleagan ar an mbunscript í.




Nuair a ardaítear Athmharcáil Mhonatóireachta, déantar marcáil an Scrúdaitheora a chóipeáil, cuirtear dath glas uirthi agus cuirtear ar bharr í. Is ar an marcáil ghlas seo a dhéanann tú mhonatóireacht – má dhéanann tú athruithe ar an marcáil le linn na monatóireachta, is í an mharcáil ghlas a athróidh tú. Fanann marcáil dhearg an Scrúdaitheora gan athrú faoi sin. **Dá bhrí sin, má tá an bhunmharcáil cruinn, ní bheidh ort aon rud a dhéanamh seachas í a athbhreithniú.**

# Monatóireacht ar Script




Sa chéad áit tá marcáil an Scrúdaitheora. Ní féidir leat na marcanna seo a athrú.

Is féidir leat na siombailí anótála a chur i bhfeidhm, a bhogadh nó a bhaint mar a dhéantar le linn na gnáthmharcála. Beidh dath glas ar do chuidse siombailí; fanfaidh siombailí dearga an scrúdaitheora fúthu sin.

Socraítear do chuid marcanna i dtosach báire le bheith mar an gcéanna le marcanna an Scrúdaitheora. Is féidir leat na marcanna seo a athrú, más gá. (Más trí shiombailí anótála atá tú ag marcáil, ní athróidh tú ach na siombailí agus athróidh sin na marcanna i do cholún marcála.)


Aon mhír/cheist a n-athrófar an marc iomlán uirthi, beidh sí aibhsithe (le ciorcal agus le cló trom).

# Roinnt nótaí faoin monatóireacht …

- Nuair a chuireann tú isteach athmharcáil mhonatóireachta, is í do mharcáil féin an mharcáil a chuirfear síos don iarrthóir seo (mura ndéanann duine níos sinsearaí monatóireacht ar an monatóireacht agatsa ina dhiaidh sin).
- Má tá tú ag marcáil trí shiombailí anótála agus más gá marc a athrú, beidh ort nóta an Scrúdaitheora a scriosadh agus an nóta ceart a chur isteach ansin.
- Le siombail anótála a athrú, beidh ort cliceáil ar an mír atá bainteach leis an nóta sin. (Déan cinnte de go bhfuil an mhír cheart agat!)
- Má bhrúnn tú ar an gcnaipe **Delete,** cuirfear rogha ar fáil duit na marcanna agus na siombailí anótála ar fad don mhír seo a athshocrú.  Bí cúramach má bhíonn sé seo á dhéanamh agat – déan cinnte de go bhfuil a fhios agat cad iad go díreach na siombailí anótála atá bainteach leis an mír seo!
- Má tá tú ar leabhrán neamhstruchtúrtha, beidh ort siombailí anótála a chur le gach leathanach. Má scriosann tú na siombailí anótála ar fad ó aon leathanach díobh, ní bheidh tú in ann an athmharcáil mhonatóireachta agat a chur isteach a thuilleadh.  Féach ar na treoracha i dtaca le **Siombailí anótála a chur leis na leathanaigh ar fad** sa treoirleabhar **Cur chun Siúil**.

# Stádas Scrúdaitheora a athrú

Ar an leathanach **Baile** téigh chuig **Bainistiú Foirne,** cliceáil ar an Scrúdaitheoir, agus:





Feiceann an Scrúdaitheoir a stádas féin mar **Athbhreithniú ar Feitheamh**

Is féidir leis an duine sin leanúint ar aghaidh ag marcáil scripteanna atá in **Oscailte lena marcáil** agus **Curtha Isteach – eagarthóireacht indéanta.**

Ní féidir leis an duine sin scripteanna nua a íoslódáil lena marcáil, áfach, ná an mharcáil a chur isteach.

# Eisceachtaí – Ceist faoi Bhónas na Gaeilge (ní bhaineann sé seo ach le SC atá ag marcáil trí Ghaeilge)

Ní chuirfear aon eisceachtaí i do threo ach amháin ceisteanna faoi bhónas na Gaeilge.




Cliceáil ar an deilbhín seo le hamharc ar an eisceacht.




Cliceáil **Réitigh**. Iarrfar ort nóta tráchta a scríobh don Scrúdaitheoir


Más ceart an bónas a choinneáil siar, iarr ar an Scrúdaitheoir an eisceacht a fhágáil **Oscailte** nuair a bheidh an mharcáil á cur isteach.

Más ceart an bónas a bhronnadh, iarr ar an Scrúdaitheoir an eisceacht **a dhúnadh** nuair a bheidh an mharcáil á cur isteach.

# Aguisín: Cumraíocht Chaighdeánaithe

1. Rochtain ar Chumraíocht Chaighdeánaithe:


- Cuireann sé ar do chumas amharc ar scripteanna beo, nuair a scantar iad.
  **Ná déan rochtain ar Chumraíocht Chaighdeánaithe, le do toil, go dtí go ndeir an Bainisteoir Scrúduithe agus Measúnaithe (BSM) leat sin a dhéanamh.**
- Aon mharcáil a dhéanann tú i gCumraíocht Chaighdeánaithe, glanfar í sula dtosófar ar an marcáil bheo.
- Gabh chuig https://sec.assessor.rm.com/ agus logáil isteach i **Mo Mharcáil** (agus ní in Taithíocht). Chomh luath is a logálann tú isteach ba cheart go bhfeicfeá seo:




Cliceáil anseo le hamharc ar scripteanna beo. **Ná cliceáil anseo go dtí go ndeir do BSM leat sin a dhéanamh.**

# Aguisín: Cumraíocht Chaighdeánaithe

## 2. Amharc ar script agus í a roghnú lena marcáil




# Aguisín: Cumraíocht Chaighdeánaithe

## 3. Script atá roghnaithe agat lena marcáil a aimsiú agus dul beo

Nuair a chliceálann tú ar **Roghnaigh lena marcáil**, téann an script isteach i do liosta oibre **Sealadach.**
Chun na scripteanna a aimsiú tar éis iad a roghnú, cliceáil ar **Sealadach** anseo …

… agus ansin cliceáil ar an script is mian leat a fheiceáil / mharcáil




**Nóta:**
Ná cliceáil ar **Rangú** i gcás ceann ar bith de na scripteanna!
Scriosfar an mharcáil ar fad chomh luath is a thosófar an mharcáil bheo.

Chomh luath is a chliceálfaidh an BSM ar **Cumraíocht i gcrích agus marcáil bheo ar fáil**, ní bheidh rochtain a thuilleadh ar Chumraíocht Chaighdeánaithe.
Ag an bpointe seo, beidh rochtain fós agat ar scáileán cosúil leis seo ach cliceáil ar **Amharc Marcanna Cinntitheacha**.
Ná **déan seo** tar éis don mharcáil bheo a bheith ar fáil, le do thoil.